



Uimhir 18 de 2004

**AN tACHT CÓIPCHIRT AGUS CEART GAOLMHAR
(LEASÚ), 2004**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Saothair áirithe a thaispeáint go poiblí: foráil d'fhonn amhras a sheachaint.
 2. Cosaint.
 3. Gearrtheideal agus comhlua.
-

[Uimh. 18.] *An tAcht Cóipchirt agus Ceart* [2004.]
 Gaolmhar (Leasú), 2004.

AN tAcht dá dTagraítear

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

2000, Uimh. 28



Uimhir 18 de 2004

**AN tACHT CÓIPCHIRT AGUS CEART GAOLMHAR
(LEASÚ), 2004**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO CHUR DEIREADH LE hAMHRAS I nDÁIL LEIS
AN DLÍTHIÚLACHT A BHAINNEANN, FAOIN ACHT
CÓIPCHIRT AGUS CEART GAOLMHAR, 2000, LE
SAOTHAIR ÁIRITHE A THAISPEÁINT GO POIBLÍ.
[3 *Meitheamh*, 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

- 1.**—Leasaítear alt 40 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):
- “7(A)D’fhonn amhras a sheachaint, ní tharlóidh sárú ar aon cheart a bhunófar leis an gCuid seo i ndáil le saothar ealaíne nó litríochta mar gheall ar an saothar, nó cóip de, a chur ar taispeánt in áit nó áitreabh ar a bhfuil rochtain ag daoine den phobal.”.
- 2.**—Ní dhéanann aon ní san Acht seo difear d’imeachtaí a thionscnaíodh roimh an 26 Bealtaine 2004.
- 3.**—(1) Féadfar an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú), 2004 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 agus 2004 a ghairm den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 agus den Acht seo le chéile.

Saothair áirithe a thaispeánt go poiblí: foráil d’fhonn amhras a sheachaint.

Gearrtheideal agus comhlua.